C/2026/6131

19.11.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12609 — CERTARES / FS INTERNATIONAL / TRENITALIA FRANCE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/6131)

1. An 10 Samhain 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Certares Management LLC ('Certares Management', na Stáit Aontaithe),

— FS International S.p.A. ('FS International', an Iodáil), atá faoi rialú Ferrovie dello Stato Italiane S.p.A. ('Ferrovie'), cuideachta sealbhaíochta ghrúpa iarnróid na hIodáile atá faoi úinéireacht stáit ('Grúpa Ferrovie'),

— Trenitalia France S.A.S. ('Trenitalia France', an Fhrainc), atá faoi rialú iomlán Ferrovie trí FS International faoi láthair.

Gheobhaidh Certares Management agus FS International rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Trenitalia France.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta é Certares Management atá dírithe ar éiceachóras an taistil, na turasóireachta agus an fháilteachais, agus é gníomhach ar fud an domhain,

— Tá Ferrovie Group, trína fhochuideachtaí, gníomhach i mbainistiú bonneagair iarnróid agus bóthair, iompair paisinéirí agus lasta d'iarnród, agus seirbhísí gaolmhara, go príomha san Iodáil agus – trí FS International a mhéid a bhaineann le hiompar paisinéirí d'iarnród – ar fud na hEorpa.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Trenitalia France: seirbhísí iompair ardluais do phaisinéirí iarnróid a sholáthar sa Fhrainc agus ar bhealaí trasteorann.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12609 — CERTARES / FS INTERNATIONAL / TRENITALIA FRANCE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË